Centre Number

| 71 | |
|---|---|

Candidate Number

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2009**

# Irish

## Assessment Unit AS 2

Section B

*assessing*

## Module 2: Information Handling

**[ASI22]**

ASI22

**THURSDAY 8 JANUARY, AFTERNOON**

**TIME**

1 hour.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Answer **both** questions.
Answer question **1** in **Irish** and answer question **2** in **English**.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an insert for use with questions **1** and **2** in this paper.
In question **1(b)** marks will be awarded for Quality of Language.
You are advised to spend 30 minutes on the Reading section and 30 minutes on the Translation.
The use of a dictionary is **not** permitted.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| 1 | |
| 2 | |
| **Total Marks** | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Léigh an t-alt dar teideal "Na Cluichí Gaelacha". (See insert sheet page 1.)

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

1 **(a)** Roghnaigh focal/frása fóirsteanach i ngach cás ón liosta thíos agus líon isteach na bearnaí sna habairtí a leanann é.

| | | |
|---|---|---|
| **de dheasca** | **glaine** | **forbartha** |
| **gasta** | **is léir** | **meallacach** |
| **de dhíobháil** | **téigh chun cinn** | **taispeánann** |
| **meallann** | **millteanach** | **fás** |

**(i)** Is iontach an **fhorbairt** atá tagtha ar na cluichí Gaelacha sna blianta deireanacha seo.

Is iontach an ______________________ atá tagtha ar na cluichí Gaelacha sna blianta deireanacha seo. [1]

**(ii)** Deirtear gurb í peil na mban an spórt is **tapa** fás ar domhan.

Deirtear gurb í peil na mban an spórt is ______________________ fás ar domhan. [1]

**(iii)** Bhí leisc ar na fir a admháil cé chomh **tarraingteach** agus a bhí peil na mban.

Bhí leisc ar na fir a admháil cé chomh ______________________ agus a bhí peil na mban. [1]

**(iv)** I gCúige Uladh, mar shampla bhí an oiread sin daoine ag iarraidh freastal ar an Chluiche Ceannais Peile go raibh Páirc an Chrócaigh **de dhíth**.

I gCúige Uladh, mar shampla bhí an oiread sin daoine ag iarraidh freastal ar an Chluiche Ceannais Peile go raibh Páirc an Chrócaigh

______________________ . [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(v)** **Léiríonn** bua Chontae Aontroma i gCorn an Bhreatnaigh anuraidh gur féidir bheith dóchasach faoin spórt náisiúnta.

_______________________ bua Chontae Aontroma i gCorn an Bhreatnaigh anuraidh gur féidir bheith dóchasach faoin spórt náisiúnta. [1]

**Marks for AO2 (Reading/Responding) [5]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b)** Críochnaigh na habairtí seo a leanas i do chuid focal féin.

**(Cuirtear i gcuimhne don iarrthóir go gcaillfear marcanna ar fhreagraí a bhainfear focal ar fhocal as an téacs.)**

**(i)** Taispeánann na póstaeir go . . .

[3]

**(ii)** Is léir go bhfuil ag éirí go maith le peil na mban mar . . .

[3]

**(iii)** Bhí an oiread sin suime ag daoine i gCluiche Ceannais Peile Uladh go raibh ar Chumann Lúthchleas Gael . . .

[3]

**(iv)** Is iontach an fás a chonacthas ar an iománaíocht idir na scoileanna i gCúige Uladh mar tá méadú 100% ar . . .

[3]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(v)** I mbarúil an údair, baineadh siar as na himreoirí eachtrannacha nuair a . . .

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**Marks for AO2 (Reading/Responding) [5]**
**Marks for AO3 (Grammar/Syntax) [10]**

**Total marks for (a) and (b) [20]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**2** Aistrigh **go Béarla** an t-alt dar teideal "Imeachtaí ar scoil".
Ná haistrigh an teideal. (See insert sheet page 2.)

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 (Reading/Responding) [20]**


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**For use with Question 1**

# Na Cluichí Gaelacha

Is iontach an fhorbairt atá tagtha ar na cluichí Gaelacha sna blianta deireanacha seo. Bíonn póstaeir de laochra Chumann Lúthchleas Gael in airde ar bhallaí na mbailte móra a léiríonn an tsuim atá ag daoine sna cluichí Gaelacha.

Tá éileamh mór ar an pheil Ghaelach ar fud na tíre, agus ní i measc na ngasúr amháin atá sé. Deirtear gurb í peil na mban an spórt is tapa fás ar domhan. Tá an-suim ag cuid mhór cailíní óga bheith ag imirt dá gcumann áitiúil.

San am atá caite bhí leisc ar na fir a admháil cé chomh tarraingteach agus a bhí peil na mban. An lá atá inniu ann, áfach, taispeántar cluichí ceannais pheil na mban ar an teilifís agus bíonn slua mór i láthair ag na cluichí i gcónaí.

Tháinig méadú ar lucht féachana na gcluichí Gaelacha uile le blianta beaga anuas. I gCúige Uladh, mar shampla, bhí an oiread sin daoine ag iarraidh freastal ar an Chluiche Ceannais Peile go raibh Páirc an Chrócaigh de dhíth.

Maidir leis an iománaíocht, tá dhá oiread scoileanna páirteach i gcomórtais Choláistí Uladh anois agus a bhí deich mbliana ó shin. Léiríonn bua Chontae Aontroma i gCorn an Bhreatnaigh anuraidh gur féidir bheith dóchasach faoin spórt náisiúnta.

Ar ndóigh tá clú agus cáil ar Pháirc an Chrócaigh anois ar fud na hEorpa ó osclaíodh na doirse don rugbaí agus don sacar. Déarfainn gur cuireadh iontas an domhain ar na himreoirí idirnáisiúnta nuair a chonaic siad méid na háite den chéad uair. Is doiligh a chreidbheáil gur thóg cumann amaitéarach na hardáin chéanna!



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**For use with question 2**

# Imeachtaí ar scoil

Is iomaí caitheamh aimsire agus cumann atá ar fáil anois sna scoileanna. Inniu, is maith leis na scoileanna páirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla. Roimhe seo, ba ghnách le cuid de na scoileanna na hábhair a theagasc do na daltaí gan bacadh le pobal na háite.

Cinnte bhí sé de nós ag scoileanna dráma a chur ar an ardán anois agus arís. Chuir scoileanna áirithe an-suim sa spórt, b`fhéidir, nó sa cheol, agus bhain na scoláirí an-tairbhe as na himeachtaí agus as an chomhluadar.

Déanta na fírinne, áfach, tharla na himeachtaí sin sna hallaí nó ar pháirceanna na scoileanna féin agus uaireanta ní raibh a fhios ag an phobal áitiúil cad é a bhí ar siúl taobh thiar de na geataí móra.

Ní bhíonn na scoileanna mar sin níos mó. Bíonn meánscoláirí ag imeacht amach sa phobal áitiúil go mion minic anois. I gcás scoil amháin, mar shampla, buaileann scoláirí isteach chuig ionaid na seandaoine sa cheantar le cuidiú leo.

Bíonn aird na ndaoine óga dírithe ar an domhan thart orthu fosta. Bíonn daltaí ag obair i ngach aon chontae chun airgead a bhailiú ar son cúiseanna fiúntacha. Bliain i ndiaidh bliana tugtar na mílte punt agus euro do chumainn charthanachta ar nós Trócaire, Oxfam agus Unicef.

Cruthaíonn an obair seo uile go bhfuil ógánaigh na hÉireann fial flaithiúil. Caithfimid na daoine óga a mholadh go hard na spéire, nó is rómhinic a bhíonn múinteoirí agus tuismitheoirí ag gearán fúthu.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers